Treoir Dearaidh

Dear agus tóg an réiteach

Innealtóireacht

Focail le húsáid

Riachtanas an úsáideora · Tástáil roghanna · Fréamhshamhail

An fhadhb

> **Dear seastán a choinneoidh táibléad ranga (nó leabhar den mhéid chéanna) ina sheasamh go díreach agus go daingean ar dheasc, ionas gur féidir le daltaí imscrúdú a thaifeadadh ar fhíseán nó a leanúint gan é a bheith ag titim anonn.**

Cé dó é?

> **Daltaí inár rang a bhfuil seastán daingean do ghléas nó do leabhar ag teastáil uathu ar dheasc**

An t-aon riachtanas fíor amháin atá acu

Cad a chaithfidh sé a dhéanamh, agus cad NACH bhfuil cead aige a dhéanamh

> **Ná húsáid ach an trealamh tógála solúbtha a chuirtear ar fáil • Caithfidh slí a bheith dó ar dheasc chaighdeánach • Caithfidh sé cruth an bhoinn a bhuaigh an tástáil roghanna a úsáid • Pleanáil amháin sa chéim seo; is sa chéad chéim eile a dhéanfar an tógáil • Is fearr téip a úsáid chun píosaí a cheangal; maidí gliú do cheangail éadroma páipéir le páipéar amháin**

Rioscaí agus teorainneacha a thugamar faoi deara

Ár dtástáil roghanna

> **An athraíonn cruth an bhoinn cé chomh héasca is a thiteann seastán anonn? Dhá bhonn a dhéantar go tapa, an airde chéanna, an t-ualach céanna agus an sonc éadrom céanna.**

Athraigh: an rud AMHÁIN a athraímid

Tomhais: an rud AMHÁIN a thomhaisimid

Coinnigh mar an gcéanna: chun go mbeidh an tástáil cothrom

Ceacht 35

Líon na sonc a theastaigh chun gach cruth boinn a leagan

Cruth an bhoinn	Líon na sonc go dtí gur thit sé anonn (stad ag 10)

An bonn a bhuaigh, an ceann a úsáidfidh ár seastán

Mo chéad smaointe: tarraing iad agus cuir lipéid orthu

Seiceáil go léiríonn do líníocht

> **Déan sceitse d'amharc taoibh amháin den seastán, le lipéid • Cuir lipéad ar an mbonn, ar an taca agus ar an áit a mbeidh an gléas • Cuir tic leis na hábhair a úsáidfidh tú ón liosta trealaimh ar an gclár • Cuir tic le critéir ratha an ranga atá ar an gclár cheana féin • Taispeáin cruth an bhoinn a bhuaigh sa tástáil roghanna**

Na rudaí a úsáidfidh mé

cairtchlár agus cárta · maidí líreacáin · téip chumhdaigh (an gnáthbhealach ceangail) · maidí gliú (roghnach, páipéar le páipéar amháin) · sreangán · boscaí nó tobáin athchúrsáilte glana · siosúr

Beidh a fhios againn go n-oibríonn sé nuair…

> **Coinníonn sé an táibléad nó an leabhar ina sheasamh go díreach • Fanann sé daingean nuair a bhuailtear an deasc go héadrom • Is féidir an gléas nó an leabhar a chur isteach agus a bhaint amach go héasca • Tógtha as ábhair an trealaimh amháin**